Eolas do naíonraí i dtaobh Riail 5, Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile), 2006



Forbairt Naíonraí Teoranta
Lúnasa 2011

Rialacháin um Chúram Leanaí, 2006

Riail 5

Ó 1 Meán Fómhair 2011 beidh an Treoir Mheasúnaithe Náisiúnta ar Riail 5 á cur i bhfeidhm ag cigirí réamhscoile Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte:

(http://www.hse.ie/eng/services/Find_a_Service/Children_and_Family_Services/Pre-school_Services/Pre-school_inspection_services/Regulation5.html)



Riail 5

Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, cinnteoidh sé/sí go n-éascaítear foghlaim, forbairt agus leas gach linbh laistigh d'imeachtaí laethúla na seirbhíse trí na deiseanna cuí a chur ar fáil, mar aon leis na heispéiris, na gníomhaíochtaí, an idirchaidreamh, na hábhair agus an trealamh a oireann d'aois agus do staid forbartha an linbh agus dá c(h)omhthéacs cultúrtha.

(Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. 2) 2006 agus Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. 2)(Leasú) 2006)

- Beidh an **cur chuige céanna** in úsáid go náisiúnta
- Beidh an cur chuige seo **trédhearcach**
- Beidh sé **ina chabhair do chigirí**
- Beidh sé **ina chabhair d'fhoirne seirbhísí cúram agus oideachas luathóige**
- Beidh deis ag cleachtóirí luathóige **tuiscint níos fearr** a fháil ar Pheirspictíocht Iomlán an Linbh*, mar atá leagtha amach sa Treoir Mhínithe a ghabhann leis na *Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile), 2006*
- Beidh **an chigireacht go díreach mar atá**, ní bheidh aon athruithe sa chigireacht
- Beidh athrú sa tslí a ndéanfar **tuairisciú** ar Riail 5

<u>Na rudaí a lorgaíonn na cigirí réamhscoile i dtaobh Riail 5:</u>

- ✓ Go bhfuil riachtanais chúram pearsanta na leanaí comhlíonta
- ✓ Go bhfuil tacaíocht do chaidrimh uile na leanaí
- ✓ Go bhfuil timpeallachtaí na seirbhíse ag tacú le forbairt na leanaí
- ✓ Go bhfuil clár na seirbhíse, agus a chur i bhfeidhm, ag tacú le forbairt na leanaí

****

** Leis an bpeirspictíocht cuirtear an leanbh i gcroílár na tuisceana agus aithnítear gur rannpháirtí an leanbh ina f(h)orbairt féin. Tá trí réimse leathana laistigh den pheirspictíocht. Is iad:*

1. Cumas an linbh ó dhúchas a chuireann san áireamh torthaí fhorbairt an linbh

2. Tacaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla; agus

3. Na gaolmhaireachtaí atá thart timpeall ar shaol an linbh.

Ach na trí réimse seo agus na hidirnaisc atá eatarthu a chur san áireamh, is féidir leis na páirtithe leasmhara peirspictíocht i bpáirt lena chéile a fháil timpeall shaol an linbh atá leanbh-láraithe agus iomlánaíoch san am céanna. Tá an pheirspictíocht cuimsitheach go leor chun ilfhócais na bpáirtithe leasmhara difriúla a chuimsiú, agus dá bharr sin ligeann sé dóibh díriú ar an gcúnamh aonair is féidir leo a thabhairt do shaol an linbh agus san am céanna aitheantas a thabhairt don chúnamh a thugtar as foinsí eile.

(Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. 2) 2006 agus Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. 2)(Leasú) 2006)



Ceithre chuid i Riail 5:

Beidh Riail 5 briste síos mar seo a leanas:

1) Riachtanais bhunúsacha na leanaí

   Déanann sé iniúchadh ar sholáthar an chúraim phearsanta agus ar an bhfreastal atá á dhéanamh ar riachtanais bhunúsacha na leanaí.

2) Tacaíochtaí do chaidrimh na leanaí

   Déanann sé iniúchadh ar an tacaíocht atá tugtha do ghaolmhaireachtaí na leanaí.

3) Tionchar na dtimpeallachtaí ar fhorbairt na leanaí

   Déanann sé iniúchadh ar an timpeallacht fhisiciúil agus nithiúil agus ar an tacaíocht a thugann sin d'fhorbairt na leanaí.

4) Tionchar cláir an Naíonra agus a chur i bhfeidhm ar fhorbairt na leanaí

   Déanann sé iniúchadh ar an tacaíocht a thugann an clár gníomhaíochtaí agus a chur i bhfeidhm d'fhorbairt na leanaí.

Cuirfear leanaí le riachtanais breise, le riachtanais speisialta agus le héagsúlacht chultúrtha san áireamh.

Rinne FNT agus Na Naíonraí Gaelacha scagadh ar chur i bhfeidhm an mheasúnaithe ar Riail 5 do naíonraí na tíre. Aontaíodh go mbeadh sé an-úsáideach do naíonraí tagairtí agus naisc a chur le gach cuid de Riail 5. Beidh tagairtí d'*Aistear*, do *Shíolta*, do *SárShaothar sa Naíonra*, agus do pholasaithe an naíonra síos tríd an gcáipéis seo. Moltar do naíonraí na caibidlí cuí ón *Lámhleabhar do Stiúrthóirí Naíonraí* agus ó *Chúnamh* a aithint agus leas a bhaint astu chun cabhrú le cur i bhfeidhm Riail 5.

Aistear Creatchuraclam na Luath-Óige The Early Childhood Curriculum Framework	**Téamaí *Aistear*:** Folláine agus Leas Féiniúlacht agus Muintearas Cumarsáid Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht
síolta An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige	**Caighdeáin *Shíolta*:** 1. Cearta an Pháiste 2. Timpeallachtaí 3. Tuismitheoirí agus Teaghlaigh 4. Comhairliúchán 5. Idirghníomhartha 6. Súgradh 7. Curaclam 8. Pleanáil agus Meastóireacht 9. Sláinte agus Leas 10. Eagrú 11. Cleachtas Gairmiúil 12. Cumarsáid 13. Aistrithe 14. Féiniúlacht agus Muintearas 15. Reachtaíocht agus Rialú 16. Rannpháirteachas an Phobail
Sár-Shaothar sa Naíonra Clár d'Ardchaighdéan	**Codanna *SárShaothar sa Naíonra*:** 1) Buneolas 2) Úsáid na Gaeilge 3) Súgradh 4) Timpeallachtaí 5) Clár Oibre 6) Tuismitheoirí 7) Polasaithe 8) Cumarsáid 9) Bainistíocht/Cáilíochtaí/An Fhoireann 10) Reachtaíocht & Rialú & Sláinte

	**Mórchodanna *Lámhleabhar Do Stiúrthóirí Naíonraí*** • Naíonraí • An Naíonra, an Stiúrthóir agus na Páistí • Obair an Naíonra • Tacaíocht
	Mórchodanna *Cúnamh, Tacábhar Cúram Leanaí 0-6* • Cúlra • Sábháilteacht • An Páiste • Cúrsaí Teanga • Gnéithe Praiticiúla • Rogha Modhanna Luathoideachais
Polasaithe an Naíonra	Féach liosta polasaithe samplacha ar chúl *SárShaothar sa Naíonra* agus ar shuíomh idirlín FNT (http://www.naionrai.ie/files/foirm/Polasaithe2009.pdf)

Cuid 1:

Conas mar atá ag éirí leis an gcúram pearsanta atá á sholáthar agus an bhfuil an cúram ag freastal ar riachtanais bhunúsacha leanaí?

Aistear Creatchuraclam na Luath-Óige The Early Childhood Curriculum Framework	síolta An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige	Sár-Shaothar sa Naíonra Clár d'Ardchaighdéan	**Polasaithe an Naíonra**
✓ Folláine agus Leas ✓ Féiniúlacht agus Muintearas	✓ Timpeallachtaí ✓ Sláinte agus Leas ✓ Reachtaíocht agus Rialú	✓ Polasaithe	✓ Bia Folláin ✓ Glanadh ✓ Dea-iompar
			
✓ Sábháilteacht agus Sláinte ✓ Leagan amach an Naíonra		✓ Sláinteachas ✓ Polasaithe ✓ Timpeallacht Forbartha agus Foghlama	

(a) Ithe agus ól

Bia folláin, sneaiceanna (rogha idir 2 nó 3 rud – tósta, craicear, torthaí srl.), uisce óil ar fáil, trealamh ithe in oiriúint (spúnóg bheag, scian bheag mhaol, pláta plaisteach srl.)

(b) Cúraimí Leithris

Rogha ag leanbh dul chuig an leithreas nuair is gá, neamhspleáchas an linbh a chothú i dtaobh an leithris, cinntiú go bhfuil príobháideachas ar fáil

(c) Glanachar Pearsanta

Níochán lámh – lámha a ní roimh lón; i ndiaidh dul ag an leithreas; tar éis spraoi le cré, péint, taos srl; nuair a thagann tú isteach ón ngairdín srl.

(d) Am Ciúin/Príobháideachas

Scíth a ligean, rogha ag leanbh 'time-out' a ghlacadh, piliúir/cúisíní, cathaoir/tolg compordach/mála pónairí

(e) Soghluaisteacht

A chinntiú go bhfuil saor-ghluaiseacht do leanaí timpeall an naíonra, nach bhfuil an iomarca troscáin sa seomra

(f) Iompar

Fadhbanna a sheachaint, réitithe dearfacha a lorg leis na leanaí, córas luaíochta a chur i bhfeidhm

Cuid 2:

Conas mar atá tacaíocht tugtha do ghaolmhaireachtaí na leanaí?

Aistear Creatchuraclam na Luath-Óige The Early Childhood Curriculum Framework	síolta An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige	Sár-Shaothar sa Naíonra Clár d'Ardchaighdéan	**Polasaithe an Naíonra**
✓ Féiniúlacht agus Muintearas ✓ Cumarsáid	✓ Tuismitheoirí agus Teaghlaigh ✓ Comhairliúchán ✓ Idirghníomhartha ✓ Cleachtas Gairmiúil ✓ Cumarsáid ✓ Féiniúlacht agus Muintearas ✓ Rannpháirteachas an Phobail	✓ Tuismitheoirí ✓ Cumarsáid ✓ Bainistíocht/Cáilíochtaí /An Fhoireann	✓ Cumarsáid ✓ Cáilíochtaí
			
		✓ An Chumarsáid ✓ Ag Obair le Tuismitheoirí ✓ Polasaithe ✓ Teanga Bainistíochta	

(a) Tábhacht an oibrí bunriachtanach – cén ról atá ag an duine sin? Cén córas atá i bhfeidhm chun an duine sin a aithint? Obair aonarach, obair i ngrúpaí beaga, am ciorcail srl. Na caidrimh idir leanaí a chothú.

(b) Cairdeas agus meas ar leanaí agus a dteaghlaigh – cén polasaí atá ag an naíonra faoi theagmháil le tuismitheoirí agus teaghlaigh? An tacaíocht a thugtar do thuismitheoirí, tacaíocht fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta. An mbíonn cruinnithe rialta le tuismitheoirí, cruinniú ag deireadh na bliana, polasaí doras-oscailte? An leabhar timpistí/eachtraí – cathain a líontar an tuairisc? an dtugtar cóip den tuairisc do thuismitheoirí?

(c) Obair foirne – tábhacht a bhaineann le spreagadh na foirne – ócáidí shóisialta, cruinnithe foirne, deiseanna oiliúna. Féilire oiliúna FNT a scaipeadh i measc na foirne – tábhacht faoi leith ar labhairt agus

úsáid na Gaeilge sa naíonra agus lasmuigh. An dtugann baill foirne tuairisc/cur síos ar chúrsaí oiliúna ag cruinnithe foirne?



(d) Comhpháirtíocht le tuismitheoirí – tábhacht an tsúgartha agus spraoi, obair na leanaí. Aitheantas a thabhairt do ról na dtuismitheoirí i bhfoghlaim a gcuid leanaí. Nuachtlitir/litir faisnéise rialta a sheoladh abhaile. Polasaithe an naíonra a fhorbairt agus a roinnt le tuismitheoirí. Taifid scríofa a choimeád.

(e) Teagmhálacha a dhéanamh le heagrais/grúpaí áitiúla agus go náisiúnta, ballraíocht a ghlacadh le heagrais ábhartha, m.sh. Na Naíonraí Gaelacha, FNT, an CCC áitiúil, scoileanna sa cheantar srl.

Cuid 3:

An méid a bhfuil an timpeallacht fhisiceach agus ábharach ag tacú le forbairt na leanaí.

Aistear	síolta	Sár-Shaothar sa Naíonra	Polasaithe an Naíonra
✓ Folláine agus Leas ✓ Féiniúlacht agus Muintearas ✓ Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht	✓ Timpeallachtaí ✓ Súgradh ✓ Curaclam ✓ Sláinte agus Leas	✓ Súgradh ✓ Timpeallachtaí ✓ Clár Oibre	✓ Socrú síos ✓ Dul lasmuigh ✓ Ráiteas sábháilteachta
			
✓ Sábháilteacht agus Sláinte ✓ Leagan amach an Naíonra ✓ An Cúinne Baile ✓ An Cúinne Ealaíne ✓ Fearas Montessori sa Naíonra		✓ Sláinteachas ✓ Polasaithe ✓ Timpeallacht Forbartha agus Foghlama	

(a) Leagan amach an naíonra – cinntigh go bhfuil an troscán in oiriúint do na leanaí, go bhfuil réimse leathan spéiseanna. An bhfuil cathaoireacha ar fáil don fhoireann? Compordach, sábháilte, geal, taitneamhach. Ba cheart an leas is fearr a bhaint as an spás atá ar fáil don naíonra – go leor cúinní spéise/oibre do na leanaí.

(b) Taithí éagsúla do leanaí a thacaíonn le forbairt iomlán an linbh – dúshlánach, cruthaitheach, forbairt teanga, forbairt scileanna chognaíocha agus luaile. Na bréagáin a athrú timpeall ó am go ham – monatóireacht a dhéanamh ar cad atá in úsáid ag na leanaí le linn am an naíonra. Na cuir chuige éagsúla: Montessori, High/Scope, Steiner srl..

(c) Ábhar agus bréagáin ar fáil do na leanaí. An bhfuil na seilfeanna ró-ard nó ag leibhéal na leanaí? An féidir leis an leanbh rudaí spreagúla a fheiscint go héasca? Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an ráiteas sábháilteachta.

(d) Spás lasmuigh – taitneamhach agus sábháilte. Is gá tabhairt faoi mheasúnú riosca agus a chinntiú go bhfuil leagan amach an spáis in oiriúint do na leanaí.

(e) An bhfuil réimse leathan gníomhaíochtaí ar fáil? Deis cluichí a imirt, rith timpeall, marcaíocht, dreapadóireacht srl.? Bí cinnte go bhfuil cótaí báistí agus buataisí ar fáil. Cad a dhéanann naíonra gan spás lasmuigh? Fuinneoga ar oscailt – aer úr ag teacht isteach; dul ar shiúlóid; gairdín a thógáil istigh sa naíonra srl.

Cuid 4:

An méid a bhfuil clár na n-imeachtaí agus a chur i bhfeidhm ag tacú le forbairt na leanaí

Aistear – Creatchuraclam na Luath-Óige / The Early Childhood Curriculum Framework	síolta – An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige	Sár-Shaothar sa Naíonra – Clár d'Ardchaighdéan	Polasaithe an Naíonra
✓ Folláine agus Leas ✓ Féiniúlacht agus Muintearas ✓ Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht	✓ Cearta an Pháiste ✓ Comhairliúchán ✓ Curaclam ✓ Pleanáil agus Meastóireacht ✓ Eagrú ✓ Cleachtas Gairmiúil ✓ Reachtaíocht agus Rialú	✓ Úsáid na Gaeilge ✓ Clár Oibre ✓ Bainistíocht/Cáilíochtaí /An Fhoireann ✓ Reachtaíocht & Rialú & Sláinte	✓ Teanga ✓ Socrú síos
			
✓ Luath-Thumoideachas ✓ Forbairt an Pháiste ✓ Na Gníomhaíochtaí Súgartha ✓ Fearas Montessori sa Naíonra ✓ Eagrú na nGníomhaíochtaí ✓ Pointe Suime na Maidine ✓ Pleanáil na hOibre ✓ Pleanáil Ghnásanna		✓ Súgradh ✓ Forbairt an Pháiste ✓ Dianbhreathnóireacht ✓ An Tumoideachas ✓ Pleanáil Curaclaim agus Teanga sa Naíonra ✓ Polasaithe ✓ Friedrich Froebel ✓ Maria Montessori ✓ Rudolf Steiner ✓ Ard/Scóip	

Baineann an chuid seo go dlúth le peirspictíocht iomlán an linbh agus conas mar a théann sin i bhfeidhm ar chlár gníomhaíochtaí an naíonra. Tá naoi ngné aitheanta sa pheirspictíocht seo:

- ✓ Folláine fhisiceach agus mheabhrach
- ✓ Folláine mhothúchánach agus iompraíochta
- ✓ Cumas Intleachtúil
- ✓ Folláine spioradálta agus morálta
- ✓ Féiniúlacht
- ✓ Féin chúram
- ✓ Gaol clainne
- ✓ Caidreamh sóisialta agus piaraí
- ✓ Cur i láthair sóisialta

Moltar go mbeadh clár an naíonra leathan, solúbtha, infhíoraithe agus doiciméadaithe agus go mbeadh éagsúlacht gníomhaíochtaí á tairiscint ag an naíonra.

(a) Súgradh: Nasc a chruthú idir forbairtí an linbh agus na cineálacha éagsúla súgartha – súgradh cruthaitheach, súgradh samhlaíoch, súgradh ionramhála agus súgradh fhisiciúil.

(b) Forbairt teanga: aird faoi leith anseo do naíonraí, ag forbairt na hurlabhra agus ag sealbhú na Gaeilge. Úsáid a bhaint as amhráin, rainn, cluichí, comhrá, athrá scéalaíocht, drámaíocht srl. Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí teanga agus ar phlean teanga an naíonra. Tá neart áiseanna agus cúrsaí Gaeilge ar fáil, m.sh. *Céimeanna Beaga*, TEG (www.teg.ie) srl.

(c) Gach leanbh ag glacadh páirte gníomhach sa naíonra, rannpháirteach sa súgradh lena phiaraí, forbairt agus caidreamh sóisialta a fhorbairt.

(d) Deis ag an leanbh roghanna a dhéanamh agus go mbeadh meas ag foireann an naíonra ar na roghanna sin. Taifead a dhéanamh ar fhorbairt an linbh maidir leis an bpróiseas roghnaithe agus conas mar a ghlacann siad cinntí.

(e) Forbairt na féiniúlachta agus féinmhuiníne an linbh. Tá sé den riachtanas go mbeadh neamhspleáchas agus saoirse ag leanaí óga iad féin a chur chun tosaigh, chun aire a thabhairt dá maoin féin agus chun gníomhaíochtaí a thionscnamh.

(f) Bíonn fonn foghlama agus fonn rudaí nua a thriail ar leanaí óga de shíor. Ba cheart deiseanna a sholáthar do na leanaí tabhairt faoi sin agus máistreacht a bhaint amach agus an leanbh a thabhairt i dtreo na foghlama nua. Plean – Déan – Athbhreithnigh.

(g) Curaclam/Clár: plean, bunaithe ar chlár an naíonra, do gach leanbh sa naíonra ag an dianbhreathnóireacht agus ag an measúnú chun foghlama.